CLOGHEEN
KERRY-PIKE
NATIONAL SCHOOL

# Plean Scoile sa Ghaeilge 2024-2026

**Réamhráiteas**

(a) Cuireadh an plean le chéile i scoilbhliain 2023/24
Tá an phlean bunaithe ar suirbhéanna agus aiseolasó na muinteoirí, páistí agus tuismitheoirí, shaineolas na múinteoirí, crúinniú múinteoirí, ar laethanta inséirbhíse agus ar laethanta pleanála. Cuireadh an phlean seo le chéile le go mbeadh scéim leanúnach do Mhúineadh na Gaeilge i bhfeidhm tríd an scoil. Treoirlínte agus creatlach pleanála ón NCCA agus an DES á úsáid chun an Plean seo a chur le chéile.
(b) Tá gá leis an bplean seo;

- Chun cabhrú linn an Curaclam Nua a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil
- Moladh ó mheastóireacht scoile uile (WSE) a chur ar aghaidh
- Ionas go mbeidh fhios ag gach duine cad atá ar siúl tríd an scoil
- Go mbeidh leanúnachas agus foirbairt ó rang go rang
- Mar áis sa scoil le haghaidh múinteoirí nua/ionadaí
- Chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na Gaeilge agus chun béim a chur ar gnéitheáirithe den Ghaeilge m.sh labhairt na Gaeilge agus Seachtain na Gaeilge
- Cur Chuige Cumarsáideach á chur i bhfeidhm sa scoil

Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo leanas

- ✓ **Pleanáil don Churaclam**
  Curaclam na Gaeilge - Cur Chuige Cumarsáideach, Feidhmeanna teanga, Snáitheanna an Churaclaim, Comhtháthú na snáitheanna, Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte, Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae.

- ✓ **Pleanáil Eagraíochta** - Pleanáil an mhúinteora, Áiseanna, Éagsúlacht cumais, Comhtháthú le hábhair eile, Measúnú, Obair bhaile, Forbairt foirne, Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus an nGaeilge, Comhionannas

## Curaclam na Gaeilge

**Cur Chuige Cumarsáideach**
Cuirtear béim ar an gcumarsáid sa scoil seo. Tuigimid sa scoil seo go bhfuil trí tréimhse i ngach ceacht Gaeilge:

- An Tréimhse Réamhchumarsáide
- An Tréimhse Cumarsáide
- An Tréimhse Iarchumarsáid

| Tréimhse an Cheachta | Saintreithe | Gníomhaíochtaí | Eagar an Ranga | Ról an Mhúinteora |
|---|---|---|---|---|
| Réamhchumarsáid | Foghlaim foclóra<br>Structúr teanga<br>Gramadach<br>Ag miniú<br>Ag ceistiú | Cluichí<br>'Ag múineadh'<br>Athrá<br>Aithris<br>Leitheoireacht<br>Éisteacht | An rang mar aonad | Ag múineadh |
| Cumarsáid | Ag caint<br>Ag comhrá<br><br>Úsáid na teanga<br>Gasúir gníomhach | Cluichí teanga<br>Drámaíocht<br>Comhrá<br>Ról imirt<br>Scríbhneoireacht | Obair bheirte<br><br>Grúpobhair<br><br>An rang mar aonad | Mar éascaitheoir:<br>Ag éisteacht<br>Ag cuidiú<br>Ag tacú<br>Níl an oide ag ceartú |

**Éisteacht:**

- ✓ go neamhfhoirmiúil i rith an lae – leis an múinteoir ranga agus múinteoirí eile, le daltaí eile agus le amhráin agus rannta;
- ✓ go foirmiúil i rith ceachta (m. sh. rainn, éist agus tarraing, dánta, srl)
- ✓ Tá éisteacht á mhúineadh go foirmiúil leis an scéim Gaeilge, ag éisteacht le hamhráin, rannta, sliochtanna ó Raidió na Gaeltachta, TG4, aimsir nó nuacht léite trí Ghaeilge.
- ✓ Tá muid in ann cluichí éisteachta a mhúineadh trí Ghaeilge díreach cosúil leis na cluichí atá a imirt I mBearla (Deireann Ó Grádaigh, feicim rud le mo shúilín beag agus araile)

**Labhairt/ Teanga Ó Bhéal:**

- ✓ go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae – am lóin, treoracha, beannachtaí
- ✓ go foirmiúil sa cheacht – daltaí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus na téamaí a bhfuil spéis acu féin iontu (m. sh. cluichí teanga, scéalaíocht, ról-ghlacadh, srl)
- ✓ Usáidtear réimse leathan, cuimsitheach módhanna múinte i.e. cluichí teanga, rannta, amhráin, scéalta, éisteacht le Raidio na Gaeltachta agus araile chun líofacht Ghaeilge a fhorbairt agus saibhreas na Gaeilge a neartú.

**Léitheoireacht:**

- ✓ Ullmhúcháin don léitheoireacht a thosaíonn i ranganna naíonáin agus ina dhiadh sin go foirmiúil i rang a haon (m. sh. rainn, scéalaíocht, pictiúrleabhair, prionta Gaeilge sa timpeallacht - ar na ballaí, lipéid ar rudaí áirithe, fógraí do na páistí)
- ✓ Tús na léitheoireachta fhoirmiúil: nuair a bhíonn bonn maith faoi chumas tuisceana agus cainte an pháiste (m. sh. leabhair mhóra,, leabhair bheaga, nuacht phearsanta)
- ✓ Scileanna léitheoireachta a fhoirbairt: téacsanna agus tascanna léitheoireacht (m. sh. scéalta sna leabhair atá in úsáid, dánta, amhráin, cuir abairtí in ord, léigh agus tarraing pictiúr, srl)

Ábhair éagsúla léitheoireachta:

- Liosta,crosfhocail,torfhocail,scéal, alt, cairt, Luaschartaí, nuacht, aimsir,
- \-

**Scríobhneoireacht:**

- ✓ Tús na scríobhneoireachta – nuair a bheidh bunús maith faoi thuiscint agus faoi labhairt na teanga. De ghnáth cuirfear tús leis an scríobhneoireacht i rang 2 (m. sh. cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí, nuacht phearsanta, cártaí srl)

- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Drámaíocht
- Seanfhocail
- Filíocht: rain, dánta, amhráin, rabhlóga, srl.
- Agallaimh (Cómhrá beirte)
- Scéalaíocht

**Modhanna Múinte**
Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint as na modhanna múinte;

- An Modh Díreach – m. sh. Seo ríomhaire
- Modh na Sraithe – m.sh. D'éirigh mé ar maidin. Ghlan mé m'fhiacla. D'ith mé mo bhricfeasta
- Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí - m.sh . Éist agus dean: cur suas do lámh, bí ag rith, srl
- Modh Closlabhartha – m.sh. éisteacht le CDs, cluiche bingo, éist agus tarraing, srl
- Modh Closamharc – m.sh. deilbhíní, fiseáin, pictiúir
- Modh na Ráite – m.sh. Is mise Tomás.....abair é (agus agallaimh ar siúl)/ Is maith liom úll....abair é

**Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae;**
Déanfar iarracht an Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil i rith an lae taobh amuigh den ceacht Gaeilge - sa seomra ranga, sa chlós, sa halla, srl. Moltar an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i dtaispeantaisí, fógraí, postaerí, srl. Iastigh agus Iasmuigh den seomra ranga. Is féidir an Ghaeilge a úsáid i rith an lae;

- Am maidin -ag caint/ag beannú
- Am rolla
- Am sos
- Am lóin
- Am baile
- Teachtaireachtaí
- Bainisteoireacht ranga

Na himeachtaí a bhaineann le chultúr na Gaeilge sa scoil agus i dtimpeallacht sa scoil;

- Frása na seachtaine – a roghnú, a fhorbairt, a mhúineadh agus a úsáid. Cé atá freagrach as an bhfrása a roghnú gach seachtain? Déanann gach múinteoir a dhícheall frása na seachtaine a roghnú agus a chur i bhfeidhim in a rang féin.

Glacann gach páiste sa scoil páirt sa cheacht Gaeilge. Tá páistí sa scoil atá riachtanais speisialta acu agus tá díolúine Gaeilge acu. Ní gá ag na páistí seo Gaeilge a dhéanamh.

**Comhtháthú le hÁbhair eile**
Moltar an Ghaeilge a úsáid i múineadh ábhair eile an churaclam chomh minic agus is féidir
CLIL- Content & Language Integretated Learning

- Corpoideachas – cluichí, damhsa, srl
- Ceol – amhráin Ghaeilge, feadóg
- Matamaitic – uimhreas, áireamh
- Amharcealaíona – péint, dath
- Drámaíocht trí Gaeilge

Is féidir na snáitheanna éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríobhneoireacht a chomhtháthú lena chéile de ghnáth sa cheacht Ghaeilge.

**Measúnú**
Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn;

- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- 4 Cuspóirí - leagaithe amach
- Féinmheastóireacht- 5 frasaí - Scrudaigh agus athscrúdú
- Bailiúchán d'obair an pháiste
- Pleanáil le Curaclam Nua Teanga na Bunscoile (Céim 1 agus Céim 2)

**Obair Bhaile**

Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge do na páistí i ngach rang ó rang naíonáin go rang VI.
- Tugtar obair le foghlaim, léamh nó le scríobh
- Obair bhaile bunaithe ar an méid atá ar siúl sa scoil

**Foirbairt Foirne:**
✓ Tá a lán taithí ag múinteoirí áirithe sa scoil seo do mhúineadh na Gaeilge agus tugann siad tacaíocht/comhairle do na múinteoirí eile sa scoil

**Athbhreithniú Rólanna agus freagracht;**

Beidh na daoine seo a leanas páirteach san athbhreithniú - Foireann teagaisc, Daltaí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí, Múinteoirí le dualgais speisialta i bpleanáil churaclaim scoile, Múinteoirí le dualgais speisialta i blplenáile churaclaim Gaeilge, Bord Bainistíochta/An Roinn

**Spriocdháta leis an plean a chur i bhfeidhm:**

- Méan Fómhair 2024

**Spriocdháta don athbhreithniú:**

- Téarma 3 (2026)

**Daingniú agus Cumarsáid**

Beidh cóip den phlean scoile le fail ag gach múinteoir ar '*Microsoft Teams*' Tá deis ag gach múinteoir an phlean a athrú, más maith leo.

Thug an Bord Bainistíochta aitheantas don bplean reatha ar an ____________________

**Síniú:** Mary Mc Swiney ____________ (Cathaoirleach) **Dáta:** 9th Dec. 2024